ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Údarás Craolacháin na hÉireann

Scéim Maidir le Ceart Freagartha

Bealtaine 2011

Clár an Ábhair

1. Réamhrá…….....4

Cad a thuigtear le Ceart Freagartha?.....4

Cén fáth ar cuireadh an Scéim maidir le Ceart Freagartha ar bun?.....4

Cad atá i gceist leis an Scéim maidir le Ceart Freagartha faoin Reachtaíocht?..... 4

Aidhm agus Cuspóirí na Scéíme maidir le Ceart Freagartha faoin Reachtaíocht……..5

2. Ceart Freagartha a Iarraidh: Míniú ar an bPróiseas……..6

Conas a dhéanann duine iarratas faoin Scéim maidir le Ceart Freagartha faoin Reachtaíocht?.....6

An bhfuil teorainn ama i gceist le hiarraidh ar Cheart Freagartha a dhéanamh?.....7

Cad a tharlaíonn ón uair a dhéantar iarraidh ar Cheart Freagartha?.....7

Cén toradh a d'fhéadfadh a bheith ar Cheart Freagartha a iarraid?.....7

3. Cad í an Fhaisnéis ba chóir a bheith i Ráiteas Chirt Fhreagartha agus cén fhoirm inar cheart a thabhairt?.....8

4. Athbhreithniú ar Dhiúltú Iarrata: míniú ar an bpróiseas…….9

An féidir athbhreithniú a dhéanamh maidir le breith craoltóra iarraidh ar Cheart Freagartha a dhiúltú?.....9

Conas a oibríonn an próiseas maidir le hathbhreithniú?.....10

Cad a tharlaíonn sa chás nach ndéanann craoltóir craoladh de réir bhreith de chuid an Choiste um Chomhlíonadh?.....11

Cad a tharlaíonn sa chás nach ndéanann craoltóir craoladh de réir bhreith de chuid an Choiste um Chomhlíonadh ina dhiaidh sin agus uile?.....12

Cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin?.....12

5. Athbhreithniú ar Dhiúltú Iarrata: cúiseanna ar a bhféadfaí go ndiúltódh an Coiste um Chomhlíonadh géilleadh d'iarratas……12

6. Cad eile is gá dom a bheith ar eolas agam mar gheall ar an Scéim maidir le Ceart Freagartha?.....14

Ceart Freagartha agus Clúmhilleadh……..…14

Ceart Freagartha agus Teacht ar Fhaisnéis……..15

Ceart Freagartha agus Taifid a Choinneáil……....15

Ceart Freagartha agus Athbhreithniú na Scéime……..15

Aguisín 1 – Míniú ar Théarmaí

Aguisín 2 – Alt 49 den Acht Craolacháin, 2009

1. Réamhrá

Chuir Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") [1] an cháipéis seo le chéile chun an Scéim maidir le Ceart Freagartha faoin Reachtaíocht (Ceart Freagartha) a leagan amach, chun míniú a thabhairt ar an aidhm agus na cuspóirí atá leis, agus chun a chur in iúl do dhaoine den phobal conas a oibríonn an próiseas chun Ceart Freagartha a fheidhmiú agus an modh inar féidir leo an Scéim maidir le Ceart Freagartha a úsáid.

Leagtar amach sa cháipéis chomh maith an próiseas athbhreithnithe sa chás go bhfuil Ceart Freagartha diúltaithe ag an gcraoltóir. Is é an Coiste um Chomhlíonadh sa BAI a ritheann an próiseas athbhreithnithe. Is féidir páirt a bheith ag an Ard-Chúirt ann freisin sa chás nach ndéanann craoltóir de réir bhreith an Choiste um Chomhlíonadh. Leagtar amach sa cháipéis seo freisin na gnéithe teicniúla a bhaineann leis an Scéim maidir le Ceart Freagartha, mínítear roinnt de na téarmaí atá in úsáid sa cháipéis (féach Aguisín 1), agus tugtar eolas ginearálta do dhaoine den phobal agus do chraoltóirí.

1.1 Cad a thuigtear le Ceart Freagartha?

Foráiltear le Ceart Freagartha, mar a leagtar amach in Acht Craolacháin 2009 ("an tAcht Craolacháin"), do **cheartú fíoras nó faisnéise atá míchruinn** agus a craoladh mar gheall ar an dhuine, sa chás go ndéantar le dearbhú fíoras nó faisnéise atá míchruinn den sórt sin amhras a chaitheamh ar onóir nó ar dhea-chlú an duine sin. Baineann Ceart Freagartha le ceartú ar fhíorais nó ar fhaisnéis atá míchruinn; **ní fhoráiltear** do chraoladh ar thuairim eile ná ar mhalairt tuairime. Is é sin le rá, d'fhéadfadh nach mbeadh duine sásta faoin gcaoi ar chuir craoltóir eolas mar gheall air/uirthi i láthair, ach ní ghéillfear Ceart Freagartha mura bhfuil na fíorais nó an fhaisnéis míchruinn go fíorasach sa chaoi is gur caitheadh amhras ar onóir nó ar dhea-chlú an duine sin.

1.2 Cén fáth ar cuireadh an Scéim maidir le Ceart Freagartha ar bun?

Cuireadh an achmhainn ag duine ar bith a cheart nó a ceart a fheidhmiú fíorais nó faisnéis atá míchruinn a cheartú ar bun, faoi réir Alt 49 den Acht Craolacháin, d'fhonn modh sásaimh tapa a chur ar fáil gan gá dul i muinín imeachtaí dlí a bhféadfadh costas mór agus ídiú ama a bheith i gceist leo.

1.3 Cad atá i gceist leis an Scéim maidir le Ceart Freagartha faoin Reachtaíocht?

Leagtar an fhreagracht maidir le Scéim a thabhairt chun cinn maidir leis an gCeart Freagartha ar BAI faoin Acht Craolacháin. Tá feidhm leis an Scéim maidir le Ceart Freagartha i leith na gcraoltóirí ar fad a rialaítear i bPoblacht na hÉireann. Ní bhaineann an scéim le craoltóirí ar i dtíortha eile a dtugtar ceadúnas dóibh, cé go bhfuil teacht go forleathan orthu abhus, mar shampla, seirbhísí de chuid an BBC, Channel 4 nó Sky 1.

[1] Cuireadh Údarás Craolacháin na hÉireann ar bun an 1 Deireadh Fómhair 2009 mar an rialtóir neamhspleách ar chraoltóirí raidió agus teilifíse in Éirinn. Tá Údarás agus dhá choiste reachtúil ag baint le BAI. Leagtar amach feidhmeanna, rólanna agus freagracht na heagraíochta san Acht Craolacháin 2009.

Beidh socrú Ceart Freagartha a chraoladh ag brath ar dhá thoisc buntábhachta: ar an gcéad dul síos, ar tharla dearbhú ar fhíorais nó ar fhaisnéis atá míchruinn agus, ar an dara ní, ar caitheadh amhras ar onóir nó ar dhea-chlú duine mar gheall ar sin a chraoladh?

Dá bhrí sin, nuair a bhítear ag féachaint le Ceart Freagartha a fheidhmiú, tá de dhualgas ar an duine a bhfuil Ceart Freagartha á iarraidh aige nó aici oiread sonraí agus is féidir a chur ar fáil d'fhonn a léiriú go raibh na fíorais nó an fhaisnéis a craoladh ina leith míchruinn agus, anuas air sin, gur caitheadh amhras ar a dhea-chlú nó ar a dea-chlú.

Ní chuirtear bac ar dhuine ar bith, le Ceart Freagartha a iarraidh ná a ghéilleadh dóibh, caingean mar gheall ar chlúmhilleadh a thionscnamh (ná leas a bhaint as aon mhodh sásaimh eile a bheadh ar fáil) ach d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar chaingean mar gheall ar chlúmhilleadh mar a dtagraítear dó i gcuid 6 sa cháipéis seo.

Tá cásanna ann nach ngéillfear Ceart Freagartha (féach cuid 5).

Tá Ceart Freagartha a fheidhmiú **saor ó tháille** agus foráiltear faoin reachtaíocht craolacháin nach féidir le craoltóir **muirear ar bith** a ghearradh i leith na próiseála ar iarratas faoin Scéim seo. Chomh maith leis sin, ní bhíonn craoltóirí faoi dhliteanas costas ar bith a thabhaíonn an té a iarrann Ceart Freagartha, i ndáil le hiarratas den sórt sin, a íoc.

Tá, ar ndóigh, modhanna eile sásaimh ann, nach dtagann faoi réim na Scéime maidir le Ceart Freagartha, ar féidir le páirtithe ar éagóir leo bearta craolacháin leas a bhaint astu, mar shampla gearán a dhéanamh le BAI maidir le cothroime, oibiachtúlacht nó neamhchlaontacht.[2]

1.4 Aidhm agus Cuspóirí na Scéime maidir le Ceart Freagartha faoin Reachtaíocht

Is é **aidhm** atá leis an Scéim maidir le Ceart Freagartha próiseas tráthúil a bheith ar bun trínar féidir le duine a iarraidh go ndéantar fíorais nó faisnéis atá míchruinn agus a craoladh mar gheall airsean/uirthise a cheartú, sa chás gur caitheadh amhras ar onóir nó ar dhea-chlú an duine leis na fíorais nó leis an bhfaisnéis sin.

Is iad na **cuspóirí** atá leis an Scéim maidir le Ceart Freagartha:

- Modh eile seachas, nó chomh maith le, imeachtaí dlí a chur ar fáil do dhuine ar caitheadh amhras ar a onóir nó ar a honóir nó ar a dhea-chlú nó ar a dea-chlú trí chraoladh ar fhaisnéis nó ar fhíorais atá míchruinn;

- Cinntiú go bhfuil an próiseas chun Ceart Freagartha a fheidhmiú faoin Scéim seo, follasach, cóir agus intuigthe go soiléir ag craoltóirí agus ag daoine ar mian leo leas a bhaint as an Scéim araon;

[2] Tá eolas faoi ghearán den chineál sin ar fáil ar www.bai.ie.

- Cinntiú go ndéantar an próiseas maidir le fíorais nó faisnéis atá mhíchruinn a cheartú a rith go héifeachtach agus go críochnúil de réir na dtréimhsí ama a leagtar síos sa reachtaíocht;

- Modh oibre a chur ar fáil do Cheart Freagartha a chraoladh atá i gcomhréir le cineál an cheartúcháin atáthar a lorg.

2. Ceart Freagartha a Iarraidh: Míniú ar an bPróiseas

2.1 Conas a dhéanann duine iarratas faoin Scéim maidir le Ceart Freagartha faoin Reachtaíocht?

Ní féidir le haon duine Ceart Freagartha a iarraidh ach amháin duine nó daoine a bhfuil leas iarbhír is inchosanta le dlí aige/aici/acu i bhfoilsiú Cirt Freagartha i.e. duine nó daoine a chreideann gur caitheadh amhras ar a n-onóir nó a ndea-chlú le craoladh fíorais nó faisnéise atá míchruinn.

Sa chás go dtuigtear do dhuine gur craoladh aon fhíorais nó aon fhaisnéis fúthu ar eol dó nó di iad a bheith míchruinn agus gur caitheadh amhras dá réir sin ar onóir nó ar dhea-chlú an duine sin, tá de cheart ag an duine a iarraidh ar an gcraoltóir atá i gceist na fíorais nó an fhaisnéis a cheartú. Leagtar amach sa chuid seo den scéim na bearta atá le déanamh nuair atá Ceart Freagartha faoin Reachtaíocht á lorg. Déantar tagairt sa cháipéis seo don duine a bhfuil Ceart Freagartha á lorg aige nó aici mar "an t-iarrthóir".

- Ní mór iarraidh maidir le Ceart Freagartha a fheidhmiú a dhéanamh i scríbhinn leis an gcraoltóir agus ní mór a lua go bhfuil Ceart Freagartha á lorg faoi alt 49(6) den Acht Craolacháin, 2009. Tá ceangailte ar Chraoltóirí na sonraí maidir leis an duine nó na daoine chuig ar cheart iarraidh i ndáil le Ceart Freagartha a dhíriú.

- Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a bheith mar chuid d'iarraidh ar Cheart Freagartha:

    - Ainm agus seoladh an iarrthóra;
    - Ainm an chainéil nó na seirbhíse;
    - An dáta agus an tráth ar tharla an craoladh agus an chuid den chlár inar craoladh na fíorais nó an fhaisnéis atá míchruinn agus ar iad is ábhar don iarraidh i ndáil le Ceart Freagartha;
    - Cuntas, chomh mionsonraithe agus is féidir, ar an gcúis go raibh na fíorais nó an fhaisnéis míchruinn agus mionsonraí faoi na fíorais nó an fhaisnéis atá cruinn, lena n-áirítear cáipéisí nó aon fhianaise a bhaineann le hábhar a chur ar fáil;
    - Mionsonraí faoin gcúis ar dóigh leis an iarrthóir gur caitheadh amhras ar onóir nó ar dhea-chlú an iarrthóra ionas go bhfuil Ceart Freagartha dlite;

- Moladh faoin bhfoirm nó an modh inar cheart an Ceart Freagartha a thabhairt de réir fhorálacha na Scéime seo. (Leagtar amach forim an Chirt Fhreagartha i roinn 3.1 sa cháipéis seo.)

2.2 An bhfuil teorainn ama i gceist le iarraidh ar Cheart Freagartha a dhéanamh?

Tá, ní mór iarraidh ar Cheart Freagartha faoin scéim a dhéanamh tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an craoladh atá faoi chaibidil a dhéanamh. Ní féidir síneadh a chur leis an teorainn ama ach amháin trí chomhaontú idir an t-iarrthóir agus an craoltóir.

2.3 Cad a tharlaíonn ón uair a dhéantar iarraidh ar Cheart Freagartha?

An tráth a dtagann iarraidh ar Cheart Freagartha chuig craoltóir, tá de fhreagracht ar an gcraoltóir ansin na sonraí uile a bhaineann leis an iarraidh ar Cheart Freagartha a mheas, lena n-áirítear, i measc nithe eile:

- An craoladh de réir mar atá sonraithe ag an iarrthóir;
- Na cúiseanna agus an fhaisnéis eile atá curtha ar fáil ag an iarrthóir d'fhonn a léiriú go raibh an fhaisnéis nó na fíorais a craoladh míchruinn, lena n-áirítear aon cháipéisí nó fianaise eile a cuireadh faoi bhráid mar chuid den iarraidh ar Cheart Freagartha;
- Cibé an raibh an craoladh de chineál lenar caitheadh amhras ar onóir nó ar dhea-chlú an iarrthóra le go bhfuil Ceart Freagartha dlite dá bharr sin;
- Aon fhaisnéis eile a bheadh ag an gcraoltóir i ndáil leis an gcraoladh a dhéanamh agus a bhaineann le hábhar an iarraidh ar Cheart Freagartha.

2.4 Cad é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar Cheart Freagartha a iarraidh?

Ní mór do chraoltóir freagra a thabhairt ar an iarrthóir i scríbhinn, **tráth nach déanaí ná 10 lá** tar éis iarraidh a fháil, ina leagtar amach ann breith an chraoltóra cibé an bhfuil sé i gceist aige an Ceart Freagartha a chraoladh nó nach bhfuil.

Sa chás gurb é breith craoltóra **go ngéilltear** Ceart Freagartha i ndáil le hiarraidh, ní mór don chraoltóir sa chás sin mionsonraí a chur ar fáil don iarrthóir maidir le:

- An fhoirm ina dtabharfar an ráiteas Chirt Fhreagartha;
- An dáta agus an tráth craolta maidir leis an ráiteas Chirt Fhreagartha a chraoladh;
- Cóip den fhaisnéis a bheidh sa ráiteas Chirt Fhreagartha nuair a dhéanfar é a chraoladh.

Tugtar sonraí faoi cheanglais maidir le foirm agus tráth sceidil Ráiteas Chirt Fhreagartha **sa chéad roinn eile sa cháipéis seo.**

Sa chás **go ndiúltaíonn** craoltóir géilleadh d'iarraidh ar Cheart Freagartha, ba cheart sa chás sin míniú a thabhairt ar an gcúis leis an iarraidh a dhiúltú. Ba chóir dó freisin an ceart atá ag an iarrthóir athbhreithniú ar a bhreith a iarraidh ar Choiste um Chomhlíonadh Údarás Craolacháin na hÉireann, agus an teorainn ama ar laistigh di a chaithfear iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh, a chur in iúl don iarrthóir. Tugtar eolas maidir le hachomharc in aghaidh diúltú ráiteas Chirt Fhreagartha a chraoladh agus leis na forais ar a ndiúltófaí achomharc dá leithéid i **Roinn 4 agus Roinn 5** anseo síos.

Ní mór do chraoltóirí foireann Chomhlíonta sa BAI a chur ar an eolas láithreach tráth a ndéantar cinneadh iarraidh ar Cheart Freagartha a dhiúltú.

3. Cad í an Fhaisnéis ba chóir a bheith i Ráiteas Chirt Fhreagartha?

Sa chás **go ngéilleann** craoltóir Ceart Freagartha, tá roinnt pointí tábhachtacha nach mór a thabhairt san áireamh:

- Ní mór maidir le haon Cheart Freagartha a chraoltar go ndeirtear ann go soiléir a mhéid atá an fhaisnéis nó na fíorais a bhí sa chraoladh an chéad uair míchruinn nó míthreorach, agus
- Ní mór maidir le haon Cheart Freagartha a chraoltar go mbeadh sé teoranta do chraoladh ar na dearbhuithe fíorasacha sin amháin is gá chun na fíorais nó an fhaisnéis atá míchruinn a cheartú.

Is den tábhacht go gcuimhnítear gurb é atá i gceist, ó bhunús, le Ceart Freagartha ceartú a dhéanamh ar fhíorais atá míchruinn a dtarlódh amhras a chaitheamh ar onóir nó ar dhea-chlú dhuine dá mbarr; ní bhaineann sé le malairt tuairimí.

3.1 Cad í an fhoirm inar cheart Ráiteach Chirt Fhreagartha a Thabhairt?

De ghnáth is ráiteas i scríbhinn a bheidh i gCeart Freagartha, arna dhréachtadh agus arna sheachadadh ag an gcraoltóir agus arna cheadú ag an iarrthóir.

Tá de phrionsabal ginearálta gur chóir Ceart Freagartha a chraoladh **ag tráth, ar mhodh agus le suntasacht is ionann leis an gcéad chraoladh.** Dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh an nochtadh céanna ar chraoladh na bhfíoras atá cruinn a bhí ar na fíorais nó ar an bhfaisnéis atá míchruinn a d'fhág gur caitheadh amhras ar onóir nó ar dhea-chlú an iarrthóra.

i. Ní mór Ceart Freagartha a chraoladh a luaithe is féidir agus ar a dheireanaí **tráth nach déanaí ná 7 lá** ó thagtar ar bhreith Ceart Freagartha a chraoladh;

ii. Ba cheart gach iarraidh ar Cheart Freagartha a mheas de réir thuillteanais an cháis féin, i bhfianaise an duine faoi leith lena mbaineann an cás;

iii. Agus an fhoirm ina dtabharfar Ceart Freagartha á shocrú ag craoltóirí, agus craoltóirí ag féachaint le theacht ar réiteach leis an iarrthóir, tá ceangailte ar chraoltóirí prionsabal na comhréire agus prionsabal na cothroime a ghlacadh chucu féin nuair atá an cur chuige maidir leis an ráiteas Chirt Fhreagartha a chraolfar á mholadh;

Agus prionsabal na comhréire agus prionsabal na cothroime á gcur i bhfeidhm, is féidir an fhoirm ina dtabharfar an freagra a chraolfar a shocrú de réir roinnt tosca, lena n-áirítear, cé nach teoranta dóibh amháin é, iad seo a leanas:

- An t-am ar craoladh an chéad chlár;
- An lucht féachana is dócha a bhain leis an gclár sin;
- An lucht féachana is dócha nó an tráth a bhfuil Ceart Freagartha le craoladh;
- An stíl a bhain leis an gcéad chraoladh: mar shampla, cibé an raibh nó nach raibh íomhánna in úsáid i ndáil leis an bhfaisnéis nó leis na fíorais atá míchruinn;
- A chasta atá an fhaisnéis is ábhar don iarraidh ar Cheart Freagartha.

4. Athbhreithniú ar Dhiúltú Iarrata: Míniú ar an bPróiseas

4.1 An féidir athbhreithniú a dhéanamh maidir le breith craoltóra iarraidh ar Cheart Freagartha a dhiúltú?

Is féidir le duine iarratas a dhéanamh go dtabharfaí diúltú géilleadh d'iarraidh ar Cheart Freagartha faoi athbhreithniú. Féadann diúltú a theacht i gceist:

- Ar an gcéad dul síos, sa chás go ndiúltaíonn craoltóir géilleadh d'iarraidh ar Cheart Freagartha. I gcás den sórt sin, is féidir leis an iarrthóir iarratas a dhéanamh leis an gCoiste um Chomhlíonadh in Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) go dtabharfaí breith an chraoltóra faoi athbhreithniú;

- Ar an dara dul síos, sa chás nach bhfuarthas freagra i ndáil le hiarraidh ar Cheart Freagartha ó chraoltóir laistigh den tréimhse a shonraítear, 10 lá ó fhaightear an t-iarraidh. Meastar gur breith sin freisin diúltú géilleadh d'iarraidh ar Cheart Freagartha agus is féidir iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh go díreadh leis an gCoiste um Chomhlíonadh in BAI;

- Ar an tríú dul síos, sa chás go n-aontaíonn craoltóir gur chóir Ceart Freagartha a chraoladh ach nach féidir leis an gcraoltóir agus leis an iarrthóir teacht ar chomhaontú faoin bhfoirm ina dtabharfar an freagra. Sna himthosca sin, de bharr gur bhreithnigh an craoltóir diúltú géilleadh d'iarraidh ar Cheart Freagartha san fhoirm a comhaontaíodh, féadfaidh an t-iarrthóir athbhreithniú ar bhreith an chraoltóra a iarraidh ar Choiste um Chomhlíonadh an BAI.

- Ar an gceathrú dul síos, sa chás go dteipeann ar an gcraoltóir nó go ndiúltaíonn an craoltóir an Ceart Freagartha a comhaontaíodh cheana a chraoladh. Sna himthosca sin, de bharr gur bhreithnigh an craoltóir diúltú an Ceart Freagartha a chraoladh, féadfaidh an t-iarrthóir athbhreithniú a iarraidh ar Choiste um Chomhlíonadh an BAI.

Ceart Freagartha a ghéilleadh ach nach ndéanann an craoltóir é a chraoladh iarbhír an tráth a aontaíodh agus san fhoirm a aontaíodh.

4.2 Conas a oibríonn an próiseas maidir le hathbhreithniú?

Seo a leanas an próiseas a bhaineann le hathbhreithniú:

i. Ionas go ndéanfaí breith chraoltóra diúltú géilleadh d'iarraidh ar Cheart Freagartha a thabhairt faoi athbhreithniú, ní mór don Iarrthóir iarratas a dhéanamh i scríbhinn leis an gCoiste um Chomhlíonadh in Údarás Craolacháin na hÉireann ar athbhreithniú ar bhreith an chraoltóra. Ba cheart go mbeadh gach faisnéis maidir leis an gcéad iarraidh ar Cheart Freagartha a bhaineann le hábhar ag gabháil mar chuid den iarraidh seo ar athbhreithniú.

   Ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú i ndáil le iarraidh ar Cheart Freagartha a dhiúltú a chur faoi bhráid an Choiste um Chomhlíonadh:

   - **tráth nach déanaí ná 21 lá** ó fhaightear breith ó chraoltóir diúltú don iarraidh, nó;

   - **tráth nach déanaí ná 31 lá** ó fhaightear an chéad iarraidh sa chás nár thug an craoltóir breith faoin iarraidh, nó;

   - **tráth nach déanaí ná 21 lá** ón uair a theipeann ar pháirtithe teacht ar chomhaontú faoin bhfoirm ina dtabharfar ráiteas Chirt Fhreagartha, nó ó mhainnítear agus/nó ó dhiúltaítear an ráiteas Chirt Fhreagartha a comhaontaíodh cheana a chraoladh.

ii. Moltar go gcoinníonn an t-iarrthóir cóipeanna macasamhla de na cáipéisí ar fad i ndáil leis an bplé leis an gcraoltóir agus leis an gCoiste um Chomhlíónadh.

iii. Ar iarratas ar athbhreithniú a fháil, cuirfidh an Coiste um Chomhlíonadh fógra chuig an gcraoltóir lena mbaineann agus iarrfar ar an gcraoltóir cóip den chraoladh, chomh maith le haon ábhar a bhaineann leis an gcás, a chur ar fáil don Choiste um Chomhlíonadh **laistigh de 7 lá**. Tabharfar cuireadh don chraoltóir an tráth seo chomh maith aon tuairim bhreise maidir leis an iarratas ar athbhreithniú a thabhairt.

iv. Ní mór don Choiste um Chomhlíonadh ansin an t-ábhar uile a bhaineann leis an gcás a mheas agus iarracht a dhéanamh teacht ar bhreith agus an breith sin a chur in iúl i scríbhinn don iarrthóir agus don chraoltóir **tráth nach déanaí ná 21 lá** ó fhaightear an t-iarratas ar athbhreithniú.

Tar éis an cás a athbhreithniú, féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh:

i. breith chraoltóra a dhaingniú, nó;

ii. breith an chraoltóra a neamhniú, agus a cheangal ar an gcraoltóir breith an Choiste um Chomhlíonadh, lena n-áirítear ceartú ar bith ar fhíorais mhíchruinne nó ar fhaisnéis mhíchruinn maidir leis an iarrthóir, a chraoladh. Sa chás sin ní mór do chraoltóir craoladh a dhéanamh de réir bhreith an Choiste um Chomhlíonadh **tráth nach déanaí ná 7 lá** ón tráth a dtugtar fógra don chraoltóir.

4.3 Cad a tharlaíonn sa chás nach ndéanann craoltóir craoladh de réir bhreith de chuid an Choiste um Chomhlíonadh?

Tá próiseas críochnaitheach ann a leantar sa chás go mainníonn an craoltóir craoladh a dhéanamh de réir bhreith de chuid an Choiste um Chomhlíonadh. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh an Coiste um Chomhlíonadh fógra don chraoltóir i dtaobh mhainneachtain an chraoltóra craoladh a dhéanamh de réir bhreith an Choiste um Chomhlíonadh agus tabharfar deis don chraoltóir uiríll a dhéanamh i ndáil leis an gcúis a bhí leis an mainneachtain déanamh dá réir sin, nó an neamhchomhlíonadh a leigheas trí chraoladh a dhéanamh de réir bhreith an Choiste.

I gceachtar den dá chás, ní mór don chraoltóir freagra a chur ar fhógra an Choiste um Chomhlíonadh **tráth nach déanaí ná 10 lá** tar éis an fógra a eisiúint nó deireadh cibé tréimhse is faide ná sin ar a n-aontódh an Coiste um Chomhlíonadh.

4.4 Cad a tharlaíonn sa chás nach ndéanann craoltóir craoladh de réir bhreith de chuid an Choiste um Chomhlíonadh ina dhiaidh sin agus uile?

Sa chás nach mbíonn breith de chuid an Choiste um Chomhlíonadh comhlíonta ag an gcraoltóir, is féidir leis an gCoiste a mholadh go ndéanann an tÚdarás iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú cuí chun cinntiú go gcomhlíonann an craoltóir breith an Choiste. Sa chás go ndéanann an tÚdarás iarratas chun na hArd-Chúirte, tá trí thoradh a d'fhéadfadh a bheith air:

- Is féidir leis an gCúirt ordú a dhéanamh gur gá don chraoltóir déanamh de réir bhreith an Choiste um Chomhlíonadh;
- Is féidir leis an gCúirt athrú a chur ar bhreith an Choiste um Chomhlíonadh;
- Is féidir leis an gCúirt iarratas an Údaráis a dhiúltú.

4.5 Cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin?

Go ginearálta, beidh a dtarlaíonn ina dhiaidh sin ag brath ar an ordú a eisíonn an Ard-Chúirt i ndáil leis an iarratas faoi leith a rinne an tÚdarás.

5. Athbhreithniú ar Dhiúltú Iarrata: Cúiseanna ar a bhféadfaí go ndiúltódh an Coiste um Chomhlíonadh géilleadh d'iarratas

Nuair a dhéanann iarrthóir iarratas leis an gCoiste um Chomhlíonadh athbhreithniú a dhéanamh ar dhiúltú do chraoltóir Ceart Freagartha a ghéilleadh, beidh aird ag an gCoiste um Chomhlíonadh ar an bhfaisnéis ar fad a chuir an t-iarrthóir agus an craoltóir ar fáil. Luaitear réimse cúiseanna san Acht Craolacháin, 2009 ar a bhféadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh aon iarraidh ar athbhreithniú ar Cheart Freagartha a dhiúltú. Áirítear ar na cúiseanna sin:

(a) gur iarraidh de chineál suaibhreosach ná cráiteach í nó nach de mheon macánta a rinneadh í;

(b) de bhrí gur beag tábhacht bhí leis an earráid sa chraoladh agus gur léir nach bhfuil gá le ceart freagartha mar gheall air;

(c) go luaitear faisnéis nó dearbhuithe nach bhfuil fíor sa cheart freagartha atá beartaithe

(d) gur tuairim phearsanta agus nach fíoras atá sa Cheart Freagartha beartaithe;

(e) gur measúnacht ar dhuine nó rabhadh maidir le hiompar duine sa todhchaí an Ceart Freagartha atá beartaithe;

(f) go ngabhfadh gníomh inphionóis le sásamh an chirt freagartha bheartaithe;

(g) gurbh ábhar dochair nó coil é an Ceart Freagartha beartaithe a chraoladh;

(h) go ndlífí imeachtaí dlí sibhialta a shaothrú i gcoinne an chraoltóra mar gheall ar an gceart freagartha beartaithe a chraoladh,

(i) go mbeadh de thoradh ar an gCeart Freagartha beartaithe a chraoladh go sáródh an craoltóir oibleagáid reachtúil dá chuid;

(j) go sáródh an Ceart Freagartha beartaithe a chraoladh téarmaí conartha craoltóra tráchtála, pobail, institiúide nó sealadaigh le BAI;

(k) nach bhfuil aon leas iarbhír is inchosanta le dlí ag an duine dá ndearna an fhaisnéis atá faoi aighneas díobháil i bhfoilsiú ar Cheart Freagartha;

(l) go raibh ráiteas sa chraoladh bunaidh freisin ón duine dá ndearnadh difear agus gurb ionann an méid a bhí sa ráiteas sin agus Ceart Freagartha;

(m) go ndearna an craoltóir ceartúchán eagarthóireachta comhionann a chraoladh cheana féin agus gur cuireadh in iúl don duine atá a bhfuil Ceart Freagartha á iarraidh aige nó aici faoin gcraoladh sin;

(n) go sáródh an méid atá le bheith sa Cheart Freagartha beartaithe cearta tríú páirtí;

(o) go mbaineann an ní áirithe le tuarascálacha ar sheisiúin phoiblí de Thithe an Oireachtais nó de na Cúirteanna;

(p) go mbaineann an ní áirithe le craoladh páirtí polaitíochta;

(q) go mbaineann an ní áirithe le craoladh faoi alt 3 d'Acht an Reifrinn 1998;

(r) nach mba é leas an phobail é an Ceart Freagartha a chraoladh;

(s) nach ndearnadh an t-iarratas ar athbhreithniú leis an gCoiste um Chomhlíonadh laistigh den tréimhse a shonraítear sa Scéim/san Acht.

Chomh maith leis na cúiseanna a bhféadfaí diúltú géilleadh d'iarraidh, coimeádann an Coiste um Chomhlíonadh de cheart chuige féin freisin freagra a thabhairt ar aon chúiseanna breise nó eile agus/nó ar aon cheisteanna breise nó eile a thagann i gceist leis an mbreith má mheasann an Coiste gur cuí sin.

6. Cad eile is gá dom a bheith ar eolas agam mar gheall ar an Scéim maidir le Ceart Freagartha?

6.1 Ceart Freagartha agus Clúmhilleadh

Ní chuirtear bac ar dhuine ar bith, le Ceart Freagartha a fheidhmiú faoin scéim seo, caingean dlí mar gheall ar chlúmhilleadh a thionscnamh in aghaidh chraoltóra. Ina ainneoin sin, tá roinnt pointí tábhachtacha ar fiú a bheith ar an eolas fúthu i ndáil leis an Scéim maidir le Ceart Freagartha agus caingean faoin reachtaíocht mar gheall ar chlúmhilleadh. Foráiltear do na pointí seo thíos in altanna 49(13), (14), (15) agus (16) an Achta Craolacháin, 2009.

1. I gcomhthéacs caingne mar gheall ar chlúmhilleadh, maidir le géilleadh ag cosantóir do Cheart Freagartha:

a. ní admháil dliteanais go sainráite nó go hintuigthe ag an gCosantóir sin é, agus;
b. níl sé ábhartha maidir le cinneadh na Cúirte maidir le dliteanas sa chaingean.

2. Féadfaidh an cosantóir i gcaingean mar gheall ar chlúmhilleadh, féachaint leis an damáiste don Ghearánaí a mhaolú trí fhianaise a thabhairt gur dheonaigh nó gur thairg sé nó sí Ceart Freagartha don ghearánaí:

a. Sular tionscnaíodh an chaingean mar gheall ar chlúmhilleadh, nó;
b. In imthosca ina raibh an chaingean mar gheall ar chlúmhilleadh tionscanta cheana féin agus nach raibh deis ann Ceart Freagartha a dheonú nó tairiscint é a dheonú, go ndearnadh sin a luaithe ab fhéidir dá éis sin.

3. Ní bheidh fianaise ar Chosantóir do dheonú Ceart Freagartha inghlactha in aon imeachtaí sibhialta mar fhianaise ar dhliteanas i gcás an Chosantóra.

6.2 Ceart Freagartha agus Teacht ar Fhaisnéis

De réir na reachtaíochta, tá an Scéim seo á foilsiú ag BAI ar an suíomh gréasáin (www.bai.ie). Chomh maith leis sin, tá mionsonraí á bhfoilsiú ag BAI faoi na daoine ar cóir teagmháil a dhéanamh leo i gcás iarratas chuig an gCoiste um Chomhlíonadh ar athbhreithniú ar bhreith craoltóra maidir le Ceart Freagartha a dhiúltú.

Anuas air sin, bítear ag súil go bhfoilseoidh craoltóirí an scéim maidir le Ceart Freagartha ar na suímh gréasáin sin acu féin agus go mbíonn mionsonraí reatha á gcur ar fáil maidir leis an té a phléann le haon iarraidh ar Cheart Freagartha.

6.3 Ceart Freagartha agus Taifid a Choinneáil

Ní mór do chraoltóirí taifid 'chearta chuí' maidir le haon iarraidh ar Cheart Freagartha a choimeád. Ní mór taifid den chineál sin a choinneáil ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad agus tá de chead ag an gCoiste um Chomhlíonadh in BAI a iarraidh go gcuirtear aon taifead i ndáil le hiarraidh ar Cheart Freagartha ar fáil d'fhonn a scrúdú. Foráiltear don fhoráil scrúdúcháin seo faoin Acht Craolacháin.

Ceanglaítear ar chraoltóirí freisin tuairisceán bliantúil a chur isteach, i ndáil le haon iarraidh ar Cheart Freagartha, i bhfoirm agus ar shlí a chinnfidh an BAI.

6.4 Ceart Freagartha agus Athbhreithniú na Scéime

Ón uair a fhoilsítear an scéim, geallann BAI athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú, ar éifeachtacht agus ar thionchar na Scéime maidir le Ceart Freagartha tráth nach déanaí ná trí bliana ó thagann sí i bhfeidhm. Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú, ar éifeachtacht agus ar thionchar na Scéime gach 5 bliain dá éis sin.

Aguisín 1

Míniú ar Théarmaí

Mínítear san aguisín seo na téarmaí a bhaineann leis an Scéim maidir le Ceart Freagartha. An gnáthbhrí nádúrtha agus coiteann atá leis na téarmaí an bhrí is ceart a bhaint astu agus/nó de réir an bhrí a bhíonn leo i gcomhthéacs craolacháin.

i. Ciallaíonn *Acht* an tAcht Craolacháin 2009

ii. Ciallaíonn *Údarás* Údarás Craolacháin na hÉireann

iii. Ciallaíonn *Coiste* an Coiste um Chomhlíonadh de chuid Údarás Craolacháin na hÉirean

iv. Ciallaíonn *Cosantóir* duine a dtugtar caingean nó éileamh ina aghaidh i gcúirt dlí

v. Ciallaíonn *Amhras a Chaitheamh* onóir nó dea-chlú duine nó daoine a cheistiú nó de-chlú duine nó daoine a thabhairt in amhras

vi. Ciallaíonn *fíorais nó faisnéis atá míchruinn* fíorais nó faisnéis nach bhfuil ceart nó fíorais nó faisnéis atá earráideach nó mícheart, nó atá neamhiomlán sa chaoi agus go mbíonn tuairim míthreorach maidir leis an gcás fíorasach dáiríre de thoradh orthu nó uirthi, nó fíorais nó faisnéis a luaitear ar mhodh den sórt lena mbéarfaí saobhadh ar an gcás fíorasach dáiríre

vii. Ciallaíonn *duine* duine dlítheanach nó nádúrtha ar bith gan bheann ar náisiúntacht ná cónaí

viii. Ciallaíonn *gearánaí* duine a thionscnaíonn caingean shibhialta i gcúirt dlí

ix. Ciallaíonn *Iarrthóir* duine a dhéanann iarraidh ar an gcraoltóir

x. Ciallaíonn *scéim* an Scéim maidir le Ceart Freagartha faoin Reachtaíocht mar a luaitear in Alt 49 an Achta agus mar a leagtar amach anseo

xi. Ciallaíonn *Ceart freagartha* craoladh ag Craoltóir ar ráiteas arna ullmhú de réir na Scéime seo maidir le Ceart Freagartha faoin Reachtaíocht

Aguisín 2 – Alt 49 den Acht Craolacháin, 2009

49—(1) San alt seo—

ciallaíonn “iarrthóir” duine a dhéanann iarraidh faoi *fho-alt (6)*;

ciallaíonn “ceart freagartha” craoltóir do chraoladh ráiteas arna ullmhú de réir scéime;

ciallaíonn “scéim” scéim faoi *fho-alt (3)*.

(2) Faoi réir an ailt seo, beidh ceart freagartha ag aon duine ar caitheadh amhras ar a onóir nó a honóir nó a dhea-chlú nó a deachlú le dearbhú fíoras nó faisnéise atá míchruinn.

(3) Déanfaidh an tÚdarás, laistigh de 6 mhí ón lá bunaithe, agus tar éis tréimhse comhchomhairle poiblí, scéim a ullmhú chun an ceart freagartha a fheidhmiú.

(4) Leagfar amach i scéim na nósanna imeachta a leanfar le linn an ceart freagartha a fheidhmiú.

(5) Le linn scéim a ullmhú, déanfaidh an tÚdarás a áirithiú—

(*a*) go gcraolfar ceart freagartha—

(i) laistigh de thréimhse réasúnach ama tar éis an iarraidh ar cheart freagartha a dhéanamh, agus

(ii) tráth agus ar mhodh is cuí maidir leis an gcraoladh dá dtagraíonn an iarraidh, agus

(*b*) maidir le ceart freagartha—

(i) go ndéarfar ann a mhéid atá an fhaisnéis a bhí sa chraoladh faoi *fho-alt (2)* míchruinn nó míthreorach, agus

(ii) go mbeidh sé teoranta do dhearbhuithe fíorasacha is gá chun dearbhú atá neamhiomlán nó a dhéanann saobhadh ar shlí eile a cheartú.

(6) Aon duine ar mian leis nó léi ceart freagartha a fheidhmiú de réir scéime, déanfaidh sé nó sí iarraidh i scríbhinn a bheidh dírithe chuig an gcraoltóir lena mbaineann—

(*a*) á rá go bhfuil an iarraidh á déanamh faoin alt seo,

(*b*) ina mbeidh dóthain sonraí lena chumasú an chuid den chraoladh inar dearbhaíodh fíorais mhíchruinne lenar caitheadh amhras ar onóir nó ar dhea-chlú an iarrthóra a aithint trí bhearta réasúnacha a dhéanamh, agus

(*c*) má éilíonn an t-iarrthóir go dtabharfar an ceart freagartha i bhfoirm áirithe nó ar mhodh áirithe (ar foirm í nó ar modh é a bheidh de réir téarmaí aon scéime), ina sonrófar foirm nó modh an chirt freagartha.

(7) Déanfar iarraidh ar cheart freagartha tráth nach déanaí ná 21lá tar éis an craoladh dá dtagraítear san iarraidh a dhéanamh, mura gcomhaontóidh an t-iarrthóir agus an craoltóir lena mbaineann ar a mhalairt.

(8) Déanfaidh an craoltóir, a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis iarraidh faoi *fho-alt (6)* a fháil—

(*a*) breith a thabhairt i dtaobh cibé acu a ghéillfear don iarraidh nó a dhiúltófar géilleadh di, agus

(*b*) a chur faoi deara go dtabharfar fógra i scríbhinn i dtaobh na breithe don iarrthóir.

(9) I gcás nach dtabharfar fógra i dtaobh breithe faoi *fho-alt (8)* don iarrthóir roimh dhul in éag don tréimhse a shonrófar chun na críche sin, measfar gur thug an craoltóir lena mbaineann breith ag diúltú géilleadh don iarraidh faoi *fho-alt (6)* ar an dul in éag sin.

(10) Déanfaidh craoltóir leorbhreithniú cuí ar aon iarraidh faoi *fho-alt (6)* a bheidh, i dtuairim an chraoltóra, déanta de mheon macánta agus nach iarraidh shuaibhreosach nó chráiteach, agus a dhéanfaidh duine den phobal maidir leis an tseirbhís craolacháin a sholáthraíonn an craoltóir agus coimeádfaidh sé nó sí taifid chearta chuí ar feadh tréimhse 2 bhliain ar na hiarrataí sin go léir agus ar aon fhreagra a tugadh orthu nó ar aon ghníomh a rinneadh ar scór na n-iarrataí sin.

(11) Déanfaidh craoltóir, má ordaíonn an Coiste um Chomhlíonadh dó nó di é, na taifid go léir a bheidh á gcoimeád aige nó aici faoi *fho-alt (10)* a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an gCoiste um Chomhlíonadh.

(12) Ní ghearrfar aon mhuirear i leith próiseála iarrata faoi *fhoalt (6)* ag craoltóir.

(13) I gcaingean mar gheall ar chlúmhilleadh, maidir le géilleadh ag cosantóir d'iarraidh ar cheart freagartha faoin alt seo i leith ráitis lena mbaineann an chaingean—

(*a*) ní admháil dliteanais go sainráite nó go hintuigthe ag an gcosantóir sin é, agus

(*b*) níl sé ábhartha maidir le cinneadh dliteanais sa chaingean.

(14) I gcaingean mar gheall ar chlúmhilleadh, féadfaidh an cosantóir fianaise a thabhairt de mhaolú ar dhamáiste, gur dheonaigh sé nó sí ceart freagartha don ghearánaí faoin alt seo i leith an ráitis lena mbaineann an chaingean, nó gur thairg sé nó sí é a dheonú—

(*a*) sular tionscnaíodh an chaingean, nó

(*b*) a luaithe ab fhéidir dá éis sin, in imthosca inar tionscnaíodh an chaingean sula raibh deis ann ceart freagartha a dheonú nó tairiscint é a dheonú.

(15) I gcaingean mar gheall ar chlúmhilleadh, déanfaidh cosantóir a bheartaíonn fianaise lena mbaineann *fo-alt (14)* a thabhairt, tráth an chosaint in aghaidh na caingne a chomhdú nó a sheachadadh, fógra a thabhairt don chosantóir i scríbhinn i dtaobh é a bheith beartaithe aige nó aici an fhianaise sin a thabhairt.

(16) Ní bheidh fianaise ar chraoltóir do dheonú ceart freagartha faoin alt seo i leith ráitis lena mbaineann an chaingean inghlactha in aon imeachtaí sibhialta mar fhianaise ar dhliteanas an chosantóra.

(17) Faoi réir an ailt seo, féachfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, ar iarratas chuige sin chucu, i scríbhinn, ag iarrthóir, le hathbhreithniú a dhéanamh, laistigh de 21 lá tar éis iarratas den sórt sin a fháil, ar bhreith ag craoltóir diúltú faoi *fho-alt (8)* nó *(9)* agus, de réir mar is cuí leo—

(*a*) an bhreith a dhaingniú, nó

(*b*) an bhreith a neamhniú, agus a cheangal ar an gcraoltóir lena mbaineann breith an Choiste um Chomhlíonadh,lena n-áirítear ceartú ar bith ar fhíorais mhíchruinne nó ar fhaisnéis mhíchruinn maidir leis an duine lena mbaineann, a chraoladh laistigh de 7 lá ón tráth a chuirtear an bhreith sin in iúl don chraoltóir agus sin tráth agus ar mhodh a fhreagraíonn don tráth a tharla an craoladh lena mbaineann an iarraidh agus don mhodh ar a ndearnadh é,

de réir an ailt seo.

(18) Déanfar iarratas faoi *fho-alt (17)* chuig an gCoiste um Chomhlíonadh tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis breith maidir le diúltú faoi *fho-alt (8)* nó *(9)* a fháil.

(19) I gcás go mbeartaíonn an Coiste um Chomhlíonadh iarratas arna dhéanamh faoi *fho-alt (17)* a imscrúdú, tabharfaidh an Coiste an Chomhlíonadh deis don chraoltóir lena mbaineann an t-iarratas (dá ngairtear “an craoltóir lena mbaineann” ina dhiaidh seo san alt seo) trácht a dhéanamh ar an iarratas.

(20) A luaithe is féidir tar éis dóibh breith a thabhairt ar iarratas arna dhéanamh faoi *fho-alt (17)*, cuirfidh an Coiste um Chomhlíonadh—

(*a*) chuig an duine a rinne an t-iarratas, agus

(*b*) chuig an gcraoltóir lena mbaineann,

ráiteas i scríbhinn faoina mbreith, lena n-áirítear na cúiseanna a bhí lena mbreith.

(21) Féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh aon iarraidh ar cheart freagartha a dhiúltú i gcás gurb é a thuairim *inter alia*—

(*a*) gur iarraidh de chineál suaibhreosach ná cráiteach í nó nach de mheon macánta a rinneadh í,

(*b*) gur léir nach bhfuil gá le ceart freagartha, de bhrí gur beag tábhacht atá leis an earráid sa chraoladh a bhfuiltear ag gearán mar geall air,

(*c*) go luaitear faisnéis nó dearbhuithe nach bhfuil fíor sa cheart freagartha beartaithe,

(*d*) gur tuairim phearsanta an ceart freagartha beartaithe,

(*e*) gur measúnacht ar dhuine nó rabhadh i gcoinne iompair duine sa todhchaí an ceart freagartha beartaithe,

(*f*) go ngabhfadh gníomh inphionóis le sásamh an chirt freagartha bheartaithe,

(*g*) gurbh ábhar dochair nó coil é sásamh an chirt freagartha beartaithe,

(*h*) go ndlífí imeachtaí dlí shibhialta a shaothrú i gcoinne an chraoltóra mar gheall ar an gceart freagartha a beartaithe a shásamh,

(*i*) go sáródh sásamh an chirt freagartha bheartaithe oibleagáid reachtúil de chuid craoltóra,

(*j*) go sáródh sásamh an chirt freagartha bheartaithe téarmaí conartha craoltóra leis an Údarás faoi *Chuid 6*,

(*k*) nach bhfuil aon leas iarbhír is inchosanta le dlí i bhfoilsiú cirt freagartha ag an duine dá ndearna an fhaisnéis atá faoi aighneas díobháil,

(*l*) go raibh ráiteas sa chraoladh bunaidh freisin ón duine dá ndearnadh difear agus gurb ionann an méid a bhí ansin agus ceart freagartha,

(*m*) go ndearnadh ceartúchán eagarthóireachta comhionann agus gur cuireadh é sin in iúl don duine dá ndearnadh difear,

(*n*) go sáródh an méid atá le bheith sa cheart freagartha beartaithe cearta tríú páirtí,

(*o*) go mbaineann an ní áirithe le tuarascálacha ar sheisiúin phoiblí de Thithe an Oireachtais nó de na Cúirteanna,

(*p*) go mbaineann an ní áirithe le craoladh páirtí polaitíochta,

(*q*) go mbaineann an ní áirithe le craoladh faoi alt 3 d'Acht 1998,

(*r*) nach é leas an phobail é ceart freagartha a chraoladh, nó

(*s*) nach ndearnadh an t-iarratas laistigh den tréimhse a shonraítear i *bhfo-alt (18)*.

(22) I gcás go bhfionnfaidh an Coiste um Chomhlíonadh gur mhainnigh an craoltóir breith faoi *fho-alt (17)* a chomhlíonadh tabharfaidh an Coiste um Chomhlíonadh fógra i dtaobh na bhfionnachtana sin don chraoltóir agus tabharfaidh sé deis don chraoltóir uiríll a dhéanamh i ndáil leis an bhfógra nó aon neamhchomhlíonadh a leigheas, tráth nach déanaí ná—

(*a*) 10 lá tar éis an fógra a eisiúint, nó

(*b*) deireadh cibé tréimhse is faide ná sin ar a gcomhaontóidh an Coiste um Chomhlíonadh leis an gcraoltóir lena mbaineann.

(23) Más rud é gurb é tuairim an Choiste um Chomhlíonadh, ag deireadh na tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (22)*, nár leigheas an craoltóir a neamhchomhlíonadh, féadfaidh an Coiste um Chomhlíonadh a mholadh don Údarás, agus déanfaidh an tÚdarás de réir molta den sórt sin, go ndéanfaidh an tÚdarás iarratas chun na hArd-Chúirte ar cibé ordú is cuí chun a chinntiú go gcomhlíontar breith faoi *fho-alt (17)*.

(24) Féadfaidh an Ard-Chúirt, de réir mar is cuí léi, ar an iarratas a éisteacht, ordú a dhéanamh—

(*a*) lena gcuirfear iallach breith faoi *fho-alt (17)* a chomhlíonadh,

(*b*) lena n-athrófar ceanglas faoi *fho-alt (17)*, nó

(*c*) lena ndiúltófar an t-iarratas.

(25) Maidir le scéim—

(*a*) foilseoidh an tÚdarás í ar shuíomh gréasáin a choimeádann an tÚdarás, agus

(*b*) déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh í a chur i gcrích de réir théarmaí na scéime.

(26)

(*a*) Déanfaidh an tAire scéim a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis í a ullmhú.

(*b*) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas scéim a neamhniú le rún arna rith laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagadh an scéim faoina bhráid de réir *mhír (a)*.

(*c*) Tá éifeacht le neamhniú scéime faoi *mhír (b)* díreach ar an rún lena mbaineann a rith ach ní dhéanann sé difear d'aon ní a rinneadh faoin scéim roimh an rún a rith.

(27) Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar fheidhmiú, ar éifeachtacht agus ar thionchar scéime agus tabharfaidh sé tuarascáil don Aire i dtaobh an mhéid sin tráth nach déanaí ná 3 bliana ón dáta a thagann sí i ngníomh agus gach 5 bliana dá éis sin nó cibé tráth a iarrfaidh an tAire.

(28) Déanfaidh an tAire cóip de thuarascáil faoi *fho-alt (27)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis í a thabhairt dó nó di.

2-5 Plás Warrington,
Baile Átha Cliath 2, Éire
2-5 Warrington Place,
Dublin 2, Ireland

T: + 353 (0)1 644 1200
F: + 353 (0)1 644 1299
E: info@bai.ie
W: www.bai.ie